



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

GA

Tuairim 08/2022

(de bhun Airteagal 322(1), CFAE)

i dtaca leis an togra le haghaidh
Rialachán ó Pharlaimint na
hEorpa agus ón gComhairle lena
mbunaítear Ciste Aeráide
Sóisialta, arna athbhreithniú ag
an gComhairle [Comhad
Idirinstiúideach 2021/0206
(COD), 30 Meitheamh 2022,
10775/22]

Ábhar

	Alt
Réamhrá	01-04
Barúlacha ginearálta	05-09
Tráchtanna sonracha	10-32
Pleananna Aeráide Sóisialta	10-14
Cistiú incháilithe	15-19
An Ciste a Mhaoiniú	20-24
Creat rialaithe agus feidhmíochta	25-32
Pointí clabhsúir	33-36

Réamhrá

01 An 14 Iúil 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún togra lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta¹, mar chuid den phacáiste dar teideal 'Oiriúnach do 55', a eisíodh chun tacú le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) an Aontais a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéal 1990, faoi mar atá comhaontaithe i nDlí Aeráide an Aontais Eorpaigh².

02 Trí Chóras Trádála Astaíochtaí (CTA) an Aontais³, cuirtear praghas ar charbón trí chaidhp a leagan síos ar astaíochtaí ó earnálacha áirithe, agus déantar é sin a laghdú gach bliain. San athbhreithniú ar CTA an Aontais, atá san áireamh freisin sa phacáiste dar teideal 'Oiriúnach do 55', molann an Coimisiún go gcuirfí CTA ar leith ar bun le haghaidh iompar de bhóthar agus foirgnimh⁴, as a leanfadh ardú ionchasach ar chostas téimh agus iompair. Chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar sóisialta a bheadh ag an CTA nua, chuirfeadh an Ciste Aeráide Sóisialta ('an Ciste') tacaíocht airgeadais ar fáil do theaghlaigh leochaileacha, do mhicrifhiontair agus d'úsáideoirí iompair a ndéanfadh an CTA seo difear dóibh. I *bhFíor 1*, taispeántar príomhghnéithe an Chiste, a sholáthraíonn suas le €59 mbilliún don tréimhse ó 2027 go dtí 2032.

03 Bhunaigh an Coimisiún a thogra ar Airteagal 91(1)(d), Airteagal 192(1) agus Airteagal 194(1)(c) den *Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh* (CFAE). An 28 Meitheamh 2022, chinn an Chomhairle Airteagal 322 CFAE a chur leis an mbunús dlí, sa mhéid agus go bhfuil maolú ó Airteagal 22(2) den Rialachán Airgeadais⁵ curtha isteach i dtogra leasaithe na Comhairle. An 22 Samhain 2022, d'iarr an Chomhairle ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa tuairim a eisiúint i dtaca le téacs na Comhairle ina ndéantar

¹ Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta (*COM(2021) 568 final*).

² *Rialachán (AE) 2021/1119* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun an aeráidneodracht a bhaint amach.




³ *Treoir 2003/87/CE* lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas.

⁴ Togra lena leasaítear *Treoir 2003/87/CE* lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus *Rialachán (AE) 2015/757 (COM(2021) 551 final)*.

⁵ Leithreasuithe faoi chomhair ioncaim shannta.

athbhreithniú ar an togra ón gCoimisiún (Cur chuige ginearálta ar tháinig an Chomhairle Comhshaoil air, agus dá dtagraítear anseo ina dhiaidh seo mar ‘an togra’)⁶.

Fíor 1 – Príomheilimintí an Chiste Aeráide Sóisialta

		
Cuspóir ginearálta	Cuspóir sonrach	Maoiniú
Rannchuidiú leis an aistriú ionsar aeráidneodracht trí aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí GCT ó fhoirgnimh agus ón iompar de bhóthar faoi chuimsiú CTA an Aontais.	Tacaíocht dhíreach agus bearta nó infheistíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a mhéadú, dícharbónú i dtéamh agus fuarú foirgneamh a mhéadú, agus feabhas a chur ar an rochtain ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí ísle nó nialasacha	Uasmhéid de €59 mbilliún le haghaidh 2027-2032, arna ghiniúint ó lamháiltais CTA, go príomha in earnáil na bhfoirgneamh agus in earnáil an iompair de bhóthar, a chur ar ceant

Foinse: CIE, bunaithe ar an togra.

Deilbhíní: Dearadh an fhíor seo trí acmhainní a úsáid ó Flaticon.com. © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint.

04 In eisiúint na tuairime seo dúinn, áfach, bhí na dúshláin sheachtracha seo a leanas romhainn, ar dúshláin iad a chuir teorainn lenár gcumas léargas níos cuimsithí a thabhairt ar roinnt saincheisteanna atá clúdaithe sa togra:

- o Níor iarr an Chomhairle ar an gCúirt Iníúchóirí tuairim a eisiúint go dtí an 22 Samhain 2022, agus thug sí le fios go mb’fhearr léi an tuairim sin a fháil faoi lár mhí na Nollag don chruinniú tríthaobhach polaitiúil deiridh. D’fhág sé sin nach raibh mórán ama ar chor ar bith agann chun an obair a dhéanamh. Mar shampla, níor sheiceálar cruinneas na ríomhanna le haghaidh leithdháileadh mhaoiniú na gcistí ag na Ballstáit.
- o Tá an togra sin nasctha go dlúth le tograí reachtacha maidir leis an athbhreithniú ar CTA an Aontais, atá á gcaibidliú faoi láthair freisin. D’fhéadfadh cinntí suntasacha ar an athbhreithniú ar CTA athrú a dhéanamh ar príomheilimintí den togra maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta (uainiú, earnálacha etc.).

⁶ Comhad Idirinstitiúideach 2021/0206 (COD), 30 Meitheamh 2022, 10775/22.

- Níl iarscríbhinní sa togra ina mbeadh liosta de na táscairí coiteanna nó an teimpléad le haghaidh Pleananna Aeráide Sóisialta, rud a chuireann teorainn lenár scóip.

Barúlacha ginearálta

Tráchtanna ginearálta: príomhphointí

Maidir leis an togra seo:

- tá sé mar aidhm leis go dtabharfaí aghaidh ar an mbearna infheistíochta agus ar an tionchar sóisialta a bhaineann leis an méadú a meastar a tharlóidh ar phraghsanna fuinnimh agus breosla
- tugann sé isteach neamhchinnteacht faoi ioncaim agus faoi leormhaitheas an chistithe
- méadaíonn sé an riosca de chistiú dúbailte agus d'fhorluí le cistí poiblí eile
- eisíodh é gan aon mheasúnú tionchair sonracha a bheith déanta
- d'fhéadfadh sé an t-ualach riaracháin a ghabhann le ceanglais bhainistithe, tuairiscithe agus iniúchóireachta a mhéadú

05 Tá sé mar aidhm leis an gCiste Aeráide Sóisialta go gcúngófar an bhearna infheistíochta san aistriú ionsar neodracht aeráide, trí aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí sóisialta a ghabhann leis an ardú a thiocthaí ar bhíllí fuinnimh ag éirí as margadh carbóin AE nua a chruthú le haghaidh astaíochtaí ó earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar.

06 Déanfar an Ciste a mhaoiniú trí lamháltais a chur ar ceant faoi CTA an Aontais⁷. Níl an t-athbhreithniú ar CTA an Aontais ina gclúdófaí astaíochtaí ó iompar de bhóthar agus ó fhoirgnimh críochnaithe go fóill, áfach. Ní léir cén uair a bheidh na hioncaim ar fáil agus ní léir an mbeidh siad i gcomhréir le cuspóirí uailmhianacha an Chiste agus leis na riachtanais infheistíochta atá ag freagairt dó sin.

07 Forálann an togra do thuilleadh cistithe a thabhairt le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus le haghaidh dícharbónú an iompair. Tá sé sin sa bhreis ar chistí éagsúla eile de chuid an Aontais, amhail [an Ciste don Nuachóiriú](#), [an Ciste um Aistriú Cóir](#), [Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa](#), [an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta](#), nó [InvestEU](#), chomh maith le cistiú náisiúnta agus réigiúnacha. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh na Ballstáit aghaidh ar chomhordú agus comhlántacht na bhfoinsí éagsúla cistithe, chomh maith leis an riosca go mbeadh cistiú dúbailte ag tarlú⁸. Ní bhfuairamar aon anailís chuimsitheach ag an gCoimisiún ar a bhfuil bainte amach go dtí seo ag na cistí sin, ná ar a bhfuil fós ag teastáil chun cuspóirí aeráide an

⁷ Airteagal 9 den togra.

⁸ [Tuairim 06/2020](#) maidir leis an togra lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Aontais a bhaint amach. Dá mbeadh anailís den sórt sin ann, chinnteodh sé go bhféadfaí an Ciste a spriocdhíriú agus a bhainistiú níos fearr.

08 Níl aon mheasúnú tionchair sonracha déanta ag an gCoimisiún don togra. Ina ionad sin, bhain sé úsáid as an measúnú tionchair ó Mheán Fómhair 2020 dar teideal ‘Dlús a chur le huailmhian aeráide na hEorpa do 2030’⁹. Maidir leis an meastachán den leithdháileadh airgeadais don Ciste, arb ionann é agus €59 milliún do 2027-2032¹⁰, bhí sé sin bunaithe ar an measúnú tionchair do CTA¹¹ a tugadh i gcrích i mí Iúil 2021. Ní fhéadfadh na measúnuithe tionchair sin an tionchar suntasach atá ag an gcogadh san Úcráin ar an margadh fuinnimh a chur san áireamh, agus ardaíonn sé sin ceisteanna faoi ar bunús iomchuí agus leordhóthanach iad don togra.

09 Ní léir cad iad na tairbhí féideartha atá ag gabháil le hionstraim amhail an Ciste Aeráide Sóisialta; agus tríd an iomadú ar ionstraimí atá ag maoiniú tionscadail den chineál céanna, cuirfear lena chasta atá cistiú ón Aontas. Maidir leis na hacmhainní nua a bheidh ar fáil ón gCiste, is dócha go gcuirfidh siad sin brú ar chumas na mBallstát na cistí a chaitheamh; go deimhin tá moilleanna i gceist cheana féin i gcuid mhaith Ballstát ó thaobh cistí ón Aontas a ionsú. Is é an toradh a d’fhéadfadh a bheith air sin ná nach mbeadh aird leordhóthanach á tabhairt ar nithe ar nós feidhmíocht agus luach ar airgead¹². Is dócha go mbeidh an creat nua, agus an clár oibre a éireoidh as, ag cur le hualach oibre na mBallstát ó thaobh riaracháin de, sa mhéid go bhfuil tuairisciú agus faireachán breise mar aon le próisis bhreise iniúchóireachta agus urscaoilte i gceist leis sin.

⁹ COM(2020) 562 final.

¹⁰ Is é €72.2 billiún a bhí molta ar dtús ag an gCoimisiún agus é sin le haghaidh thréimhse 2025-2032.

¹¹ SWD(2021) 602 final.

¹² Tuarascáil speisialta 17/2018: Chuaigh gníomhartha an Choimisiúin agus na mBallstát i mblianta deireanacha chlár 2007-2013 i ngleic le hionsú íseal ach níor leor an díriú ar thorthaí.

Tráchtanna sonracha

Pleananna Aeráide Sóisialta

Pleananna Aeráide Sóisialta: príomhphointí

Ag teacht leis an mbarúil iniúchóireachta a rinneamar roimhe seo i dtaca le RRF, ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist leis an togra:

- comhleanúnachas agus comhlántacht le pleananna náisiúnta eile a áirithiú
- a shoiléiriú cad a cháilíonn mar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna
- garspriocanna agus spriocanna soiléire a leagan síos, chomh maith le nósanna imeachta i gcás íocaíochtaí a chuirtear ar fionraí
- a chinntiú go mbíonn íocaíochtaí nasctha leis an gcostas a ghabhann le garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach

10 Beidh na Pleananna Aeráide Sóisialta ('na pleananna') ina mbunús d'eisíoc na ranníocaíochta airgeadais as an gCiste. Leagann na pleananna amach cad iad na **bearta agus infheistíochtaí** atá ar fáil do theaghlaigh, do mhicrifhiontair agus d'úsáideoirí iompair a mbeidh difear déanta dóibh mar gheall ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ón iompar a chur isteach in CTA. Bheadh sé úsáideach a shoiléiriú cad é an difríocht atá idir na coincheapa 'bearta' agus 'infheistíochtaí'; rud nach bhfuil mínithe sa togra. Sa bhreis air sin, níl an sainmhíniú ar 'bhochtaineacht fuinnimh' glactha fós¹³, cé go bhfuil an téarma sin in úsáid go forleathan sa togra.

11 Ba cheart go mbeadh na Pleananna Aeráide Sóisialta comhleanúnach le pleananna agus cláir straitéiseacha náisiúnta eile, agus go mbeidís ina **gcomhlánú** orthu; táimid ag trácht anseo ar phleananna amhail pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cláir oibríochtúla faoin mbeartas comhtháthaithe, pleananna críochacha um aistriú cóir agus pleananna straitéiseacha faoin gComhbheartas Talmhaíochta. D'fhéadfadh sé go gcaithfí na pleananna sin a nuashonrú freisin i gcomhréir leis na Pleananna Aeráide Sóisialta. Cuireann sé sin go mór leis an ualach riaracháin a bheidh ar na húdarais náisiúnta. Ní shonraítear spriocdháta sa togra faoina gcaithfeadh na Ballstáit a gcuid Pleananna Aeráide Sóisialta a chur isteach.

¹³ Féach an togra le haghaidh treoir maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú), COM(2021) 558 final.

12 Níor cheart go mbeadh tacaíocht ón gCiste ag teacht in ionad an **chaiteachais bhuiséadaigh náisiúnta**¹⁴ a dhéantar ar bhonn athfhillteach. Ní rud nua é go mbeadh tacaíocht ioncaim á tabhairt ag Ballstáit do theaghlaigh ar ioncam íseal, e.g. cabhair airgid a thabhairt chun cuidiú leo na costais téimh agus leictreachais a chlúdach. D'fhéadfaí an tacaíocht ioncaim dhírigh a thioctadh ón gCiste a úsáid don chineál céanna costais, agus cruthaíonn sé sin an baol go mbeifí á úsáid le teacht in ionad an chaiteachais náisiúnta atá cheana ann. Ba cheart don togra an coincheap 'caiteachas buiséadach náisiúnta athfhillteach' a shoiléiriú, ionas go seachnófar aon chistiú dúbailte agus aon fhorluí a bheith ann.

13 Leagtar síos sa togra go ndéanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí leis na Ballstáit bunaithe ar **gharspriocanna agus spriocanna** ina bPleananna Aeráide Sóisialta a bheith comhlíonta go sásúil acu¹⁵. Níl sé mínithe sa togra céard go díreach atá i gceist le 'comhlíonta go sásúil', agus fágann sé sin cuid mhaith dá lánrogha féin ag an gCoimisiún. Chun trédhearcacht agus cóir chomhionann a áirithiú, ba cheart na príomhphrionsabail a chuirfear i bhfeidhm nuair atá 'comhlíonta go sásúil' á mheasúnú a shonrú níos mine.

14 Tá na socrúithe foriomlána a bhaineann le cistí a eisíoc bunaithe ar gharspriocanna agus spriocanna a bheith bainte amach cosúil leis na socrúithe atá in úsáid don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneacha (RRF)¹⁶. Tá roinnt barúlacha iniúchóireachta a rinneamar roimhe seo i dtaobh garspriocanna agus spriocanna RRF a d'fhéadfadh a bheith ábhartha freisin don Chiste, faoi mar a thugtar anseo:

- Bhí garspriocanna agus spriocanna áirithe doiléir, rud a mhéadaigh an riosca go ndéanfaí íocaíochtaí míchuí. Thugamar chun suntais, dá bhrí sin, cé chomh tábhachtach atá sé garspriocanna agus spriocanna a dhréachtú go leormhaith ionas go gclúdáfaí gach ceann de na príomhchéimeanna cur chun feidhme¹⁷.
- Ní gá go raibh an méid a íocadh i dtráthchuid ar leith bunaithe ar na costais mheasta chun na garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach faoi mar a cuireadh é sin san iarraidh ar íocaíocht, ach is mó gur mar thoradh ar

¹⁴ Airteagal 12 den togra.

¹⁵ Airteagal 19 den togra.

¹⁶ Airteagal 5 den togra agus Airteagail 2 agus 4 de [Rialachán \(AE\) 2021/241](#) lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

¹⁷ [Tuarascáil speisialta 21/2022](#): Measúnú an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta – Iomchuí ar an iomlán, ach tá rioscaí fós ann don chur chun feidhme.

chaibidlíochtaí leis an mBallstát i dtrácht a socraíodh é¹⁸. I gcás garspriocanna agus spriocanna nach raibh comhlíonta ach go pointe áirithe, níor léir cén chaoi a ndéanadh an Coimisiún agus na Ballstáit a oibriú amach cá mhéad a bheadh le híoc mar íocaíochtaí i bpáirt. Mar thoradh air sin, mholamar go bhforbródh an Coimisiún modheolaíocht shoiléir chun an méid a bhí le fionraí ó na híocaíochtaí a dhéanamh amach¹⁹.

- Bhí garspriocanna agus spriocanna dírithe ar aschuir nó bhí táscairí ionchuir san áireamh iontu, lenar tagraíodh go hiondúil do mhéid áirithe de chistí a chaitheamh. Trí tháscairí tionchair a sheachaint, díriú isteach ar tháscairí aschuir agus táscairí ionchuir a chur san áireamh le haghaidh garspriocanna agus spriocanna, cuirtear teorainn as cuimse ar an tsolúbthacht atá ag teastáil le linn an chur chun feidhme agus ar an bhféidearthacht atá ann feidhmíocht agus tionchar an Chiste a thomhas.

Cistiú incháilithe

Cistiú incháilithe: príomhphointí

- d'fhéadfadh íocaíochtaí díreacha moill a chur ar aistriú fuinnimh; tá gá le spriocdhíriú níos fearr
- d'fhéadfadh aistrithe ó chlár bainistíochta comhroinnte an bonn a bhaint ó choimircí seanbhunaithe

15 Tá **éifeachtúlacht fuinnimh** a mhéadú ar cheann de na príomhghníomhaíochtaí atá le maoiniú ag Pleananna Aeráide Sóisialta. Tá bacainní áirithe ar infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh, amhail dreasachtaí a bheith á scoilteadh idir úinéirí agus tionóntaí foirgneamh, costais mhóra tosaigh, agus – go minic – tréimhsí fada chun iad a íoc ar ais. Measaimid go bhféadfadh barúlacha iniúchóireachta a rinneamar roimhe seo ar thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a bheith ábhartha don Chiste (féach [Fíor 2](#)).

¹⁸ Tuarascáil speisialta 21/2022: Measúnú an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta – Iomchuí ar an iomlán, ach tá rioscaí fós ann don chur chun feidhme.

¹⁹ Tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme bhuiséad an Aontais do bhliain airgeadais 2021, Caibidil 10.

Fíor 2 – Barúlacha iniúcháireachta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh AE



Inár dtuarascáil ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh:

- Fuaireamar, i bhformhór na gcásanna, gur leithdháil na Ballstáit an buiséad chuig tionscadail ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce', rud nár thug deis dóibh measúnú comparáideach a dhéanamh ar na costais agus tairbhí a bhain leo. Chiollaigh sé sin gur annamh a tugadh tosaíocht do thionscadail a rinne coigilteas fuinnimh nó a raibh tairbhí eile ar chostais níos ísle ag gabháil leo. Mholamar feabhas a chur ar na nósanna imeachta chun tionscadail a roghnú.
- Luamar gur dea-chleachtas a bhí ann iniúchtaí fuinnimh a úsáid mar phríomhcheanglas roghnúcháin. Tri iniúchtaí den sórt sin, arna nascadh le deimhniú feidhmíochta fuinnimh i ndiaidh na n-oibreacha, is féidir meastachán a dhéanamh ar an bhfuinneamh atá sábháilte mar gheall ar an tionscadal. Measamar freisin gur dea-chleachtas eile a bhí ann méadair aonair a shuiteáil i dtithe.

Inár dtuarascáil ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair:

- Léiríomar go raibh na tréimhsí aisíoca níos faide ná an saolré infheistíochta i gceist le cuid de na tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, rud a chiallaíonn nach rabhadar éifeachtúil.
- Tharraingíomar aird ar an bhfíoras gur dócha go ndéanfaí cuid de na tionscadail fiú in éagmais deontais ón Aontas, agus go bhféadfaí iad sin a mhaoiniú trí iasachtaí.
- Mholamar don Choimisiún a fhíorú an bhfuil údar réasúnta ag na Ballstáit leis an rogha ionstraime cistiúcháin agus nach n-úsáidtear deontais i gcás ina mbeadh ionstraimí airgeadais níos iomchuí.



Foinse: [Tuarascáil speisialta 11/2020](#): Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh – Is mó fós a chaithfear díriú ar an gcostéifeachtacht; [Tuarascáil speisialta 02/2022](#): Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair – Roinnt coigiltis ar fhuinneamh, ach laigí i bpleanáil agus roghnú tionscadal.

Deilbhíní: Dearadh an fhíor seo trí acmhainní a úsáid ó Flaticon.com. © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint.

16 Maidir le **soghluaisteacht astaíochtaí ísle agus nialasacha**, thugamar chun suntais inár dtuarascáil ar thacaíocht ón Aontas don bhonneagar luchtaithe feithiclí go bhfuil gá le córais íocaíochtaí comhchuibhithe, faisnéis úsáideora leormhaith maidir le fáil fíor-ama agus mionsonraí billeála le haghaidh stáisiúin luchtaithe, agus rochtain chothromasach do gach uile úsáideoir feithiclí leictreacha. Thugamar ar aire freisin nach raibh sé leagtha síos mar choinníoll don chistiú le haghaidh stáisiúin luchtaithe go mbeadh íostréimhse oibríochta i gceist²⁰. Ní raibh tionscadail soghluaisteachta uirbí bunaithe i gcónaí ar straitéisí fóna soghluaisteachta uirbí agus ba mhinic nach raibh aon chomhordú ann le bardais chomharsanacha²¹. Trí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, bheadh an cistiú níos éifeachtaí.

17 Is féidir leis na Ballstáit **tacaíocht don ioncam díreach ar bhonn sealadach** a chistiú, faoi theorainn ag an tionchar díreach atá ag trádáil astaíochtaí d'fhoirgnimh agus don iompar de bhóthar, suas go dtí 35 % den mheastachán de na costais iomlána dá bpleananna. Ní foláir an tacaíocht dhíreach a ríomh go hiomchuí agus ní mór dó a bheith spriocdhírithé go maith ar na daoine is leochailí a bhfuil tionchar díreireach ag an ardú i bpraghsanna breosla agus fuinnimh orthu, agus caithfidh sé gur ar bhonn sealadach a thugtar an tacaíocht dhíreach sin, cé gurb é an chaoi go ndéanann bearta infheistíochta na costais ghaolmhara a laghdú. Ach d'fhéadfadh tacaíocht den sórt sin

²⁰ [Tuarascáil speisialta 05/2021](#): Bonneagar chun feithiclí leictreacha a luchtú – Le níos mó stáisiúin luchtaithe ach imscaradh míchothrom, bíonn an taisteal ar fud an Aontais casta.

²¹ [Tuarascáil speisialta 06/2020](#): Soghluaisteacht Uirbeach Inbhuanaithe san Aontas Eorpach – Ní féidir feabhas suntasach a chur ar an scéal gan gealltanais ó na Ballstáit.

cabhrú le teaghlaigh leochaileacha cuid den chostas méadaithe atá ag gabháil le hoibriú córais téimh le gual nó gás agus atá ag gabháil le tiomáint carranna le hinnill dócháin a chlúdach. D'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, gurb é an tionchar a bheadh ann ná go ndéanfaí an t-aistriú fuinnimh a chur siar do na teaghlaigh sin agus go gcoimeádfaí a spleáchas ar bhreoslaí iontaise ar bun. Measaimid, chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí an Chiste, gur cheart don chistiú na gníomhaíochtaí ábhartha a spriocdhírú níos fearr ar éifeachtúlacht fuinnimh nó ar ghlasú an iompair, mar go bhféadfadh íocaíochtaí díreacha, go pointe áirithe, tionchar a imirt ar a mhéid atá an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' á chomhlíonadh agus go bhféadfadh sé nach mbeadh sé ag ailíniú leis an 'tionchar buan' a luaitear in Airteagal 15 den togra.

18 Forálann Airteagal 10 don fhéidearthacht **cistí a aistriú ó agus chuig cláir bainistíochta comhroinnte**²². Ar an ábhar seo:

- Forálann an togra don fhéidearthacht atá ag Ballstáit cuid de leithdháileadh airgeadais an Chiste (suas le 15 %) a aistriú go dtí cistí faoin mbainistíocht chomhroinnte. Tugann cláir den sórt sin coimircí breise agus tá taithí fhada ag na húdaráis náisiúnta ina gcur chun feidhme.
- Forálann an togra freisin d'aistrithe ó chláir bainistíochta comhroinnte go dtí an Ciste. Tá siad sin teoranta ag Rialachán na bhForálacha Coiteanna²³. Dúramar roimhe seo go bhféadfadh na haistrithe sin an fháil atá ar chistiú le haghaidh cuspóirí eile den chomhtháthú agus den fhorbairt tuaithe a laghdú²⁴ agus go bhféadfadh sé cur isteach ar a spriocanna straitéiseacha príomhúla. Thugamar ar aire freisin go bhféadfadh an fhéidearthacht atá ann ó thaobh aistrithe a dhéanamh a bheith ina chúis le cistí a bhogadh go dtí cláir a meastar go bhfuil níos lú coinníollacha ag gabháil leo nó a meastar go bhfuil buntáiste níos mó leo ó thaobh na gcostas de²⁵. Maidir leis an aistriú cistí go sonrach, d'fhéadfaí dochar a

²² [Rialachán \(AE\) Uimh 2021/1060](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe.

²³ Airteagal 26 de [Rialachán \(AE\) 2021/1060](#) lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe.

²⁴ [Tuairim 04/2022](#): RePowerEU.

²⁵ [Tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme bhuiséad an Aontais do bhliain airgeadais 2020](#), Caibidil 2.

dhéanamh do na coimircí atá ina ndlúthchuid de chláir oibríochtúla a d'fhéadfadh a bheith faoi bhainistíocht chomhroinnte, nó chruthófaí féidearthacht faoina seachnófaí an cómhaoiniú a cheanglaítear ar na Ballstáit thairis sin²⁶. Dá bhrí sin, tacaímid le coinníollacha sonracha a thabhairt isteach sa togra le haghaidh aistrihe cistí den sórt sin.

19 Forálann an togra do **thacaíocht d'eintitis phoiblí agus phríobháideacha** a bhíonn ag forbairt agus ag soláthar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh inacmhainne agus seirbhísí soghluaisteachta astaíochtaí ísle agus nialasacha. Is ar na Ballstáit atá an fhreagracht as coimircí a sholáthar chun a áirithiú go gcuirtear an leas ar fad ar aghaidh chuig na teaghlaigh, na micrifhiontair agus na húsáideoirí iompair. Tugaimid ar aire nach ndéantar aon tagairt do na coimircí sin sa togra, mar shampla caidhp a chur ar na cistí atá ar fáil don chineál sin tacaíochta.

An Ciste a Mhaoiniú

An Ciste a Mhaoiniú: príomhphointí

- is dócha go mbeidh gá le lamháltais CTA eile sa bhreis ar na lamháltais de 200 milliún
- d'fhéadfadh luaineacht i bpraghsanna agus éiginnteacht faoin ioncam atá ar fáil rioscaí maoinithe a chruthú
- ní thugtar aon mhíniú sa togra ar an bhfoirmle don leithdháileadh atá bunaithe freisin ar an bpobal tuaithe

20 Ba cheart go mbeadh maoiniú an Chiste, go dtí uasmhéid de €59 mbilliún do thréimhse 2027-2032, clúdaithe ag ioncam sannta seachtrach²⁷. Ginfeadh na hioncain as lamháltais a chur ar ceant faoi CTA an Aontais. Sa togra lena ndéantar athbhreithniú ar CTA an Aontais²⁸, tagraítear do dhá chineál lamháltais atá le cur ar fáil don Chiste:

- lamháltais de 50 milliún ar ceant ó shuiteálacha do-aistrihe (giniúint cumhachta agus an tionscal). Níl na hioncain sin nasctha le foirgnimh ná le hiompar de

²⁶ Tuairim 06/2020 maidir leis an togra lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

²⁷ Airteagal 9 den togra. Úsáidtear ioncam sannta seachtrach chun ítimí sonracha caiteachais a mhaoiniú, faoi mar a shainítear in airteagal den Rialachán Airgeadais. Maidir le hioncam sannta, tá Parlaimint na hEorpa eisiata ón bpróiseas cinnteoireachta.

²⁸ Cur Chuige Ginearálta na Comhairle an 30 Meitheamh 2022, Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0211 (COD) 10796/22.

bhóthar, mar sin ní bheidh tionchar acu ar mhéaduithe i bpraghsanna fuinnimh in earnáil na bhfoirgneamh ná in earnáil an iompair de bhóthar;

- o lamháltais de 150 milliún ar ceant ar dtús ó CTA le haghaidh foirgnimh agus iompar de bhóthar, móide líon neamhshainithe lamháltas ar ceant sa dá earnáil sin chun ioncaim a thabhairt suas go dtí an tsuim atá riachtanach i.e. €59 mbilliún.

21 Trí lamháltais de 200 milliún a chur ar ceant, theastódh praghas de €295 in aghaidh an lamháltais chun €59 mbilliún a ghiniúint, ach i mí na Samhna 2022 is é an praghas a bhí ar lamháltais ar an ardán ceantála ná, ar an meán, thart ar €80 in aghaidh an lamháltais²⁹. Bhí an Coimisiún ag obair ar an toimhde de €45 in aghaidh an lamháltais (praghsanna 2020), a aistríonn go dtí €9 mbilliún in ioncaim as na lamháltais de 200 milliún a bhfuil tuairisc anseo thuas orthu. Chun ioncaim de €59 mbilliún a ghiniúint, is é is dóchúla go mbeidh ar an gCoimisiún i bhfad níos mó lamháltas CTA a bhaineann le foirgnimh agus iompar de bhóthar a chur ar ceant.

22 Mhol an Coimisiún go ndéanfaí acmhainní dílse nua de 25 % d'ioncaim CTA³⁰, a bheadh le húsáid, in éineacht le hioncaim eile, chun deontais NextGenerationEU a aisíoc nó chun an sciar den ranníocaíocht atá bunaithe ar ollioncam náisiúnta na mBallstát i leith mhaoiniú bhuiséad bliantúil an Aontais a laghdú³¹. Ba é meastachán an Choimisiúin gur leor thart ar 25 % den ioncam CTA a ghinfí trí fhoirgnimh agus iompar de bhóthar a chur isteach in CTA chun freastal ar riachtanais mhaoinithe an Chiste³². Tá CTA i mbun oibríochta ó 2005 agus tá luaineacht shuntasach tarlaithe ar na praghsanna ar lamháltais astaíochta (idir €5 agus €55 ó 2005 go 2021)³³, rud a fhágann gur foinse sách tinneallach é mar fhoirse ioncaim don Aontas.

²⁹ <https://www.eex.com/en/market-data/environmental-markets/eua-primary-auction-spot-download>.

³⁰ Togra (COM(2021) 570) ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh.

³¹ Comhaontú idirinstiúideach maidir le smacht buiséadach (...) lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach.

³² Togra lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757 (COM(2021) 551 final).

³³ Tuarascáil AE ar an Margadh Carbóin (COM(2021) 962): Praghsanna imréitigh le haghaidh ceantanna ar lamháltais ghinearálta idir Eanáir 2013 agus an 30 Meitheamh 2021.

23 Ar na Pleananna Aeráide Sóisialta a fhorghnó, síneoidh an Coimisiún gealltanais dhlíthiúla leis na Ballstáit chun leithdháileadh airgeadais uasta a íoc go dtí go dtagann deireadh le ré an Chiste. Forálann an togra don fhéidearthacht **íocaíochtaí a laghdú go cionmhar** i gcás nach ndéantar ioncaim a shannadh go leordhóthanach i mbliain ar leith, agus go mbeadh an t-iarmhéid le híoc nuair a bheadh fáil ar na hioncaim³⁴.

24 San fhoirmle chun cistí a leithdháileadh ar Bhallstáit, cuirtear an daonra san áireamh, lena n-áirítear an sciar de limistéir thuaithe, leibhéil bhochtaineachta, astaíochtaí CO₂ ó dhó breosla ag líonta tí agus an t-ollioncam náisiúnta *per capita*. Tá na critéir sin ag teacht le cuspóirí an Chiste. Ní thugtar mionsonraí sa togra, áfach, faoin gcúis atá le hualú níos airde san fhoirmle leithdháilte a thabhairt don daonra i limistéir thuaithe.

Creat rialaithe agus feidhmíochta

Creat rialaithe agus feidhmíochta: príomhphointí

- caithfidh measúnú an Choimisiúin ar na pleananna a bheith doiciméadaithe go maith
- ba cheart mionsonraí a thabhairt faoin gcaoi a bhfuil an dlí Eorpach agus náisiúnta is infheidhme le comhlíonadh
- caithfear cásanna de chialais amhrasta a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach
- ba cheart do na táscairí coiteanna a bheith ábhartha, glactha, inchreidte, éasca agus láidir

25 Is díol sásaimh dúinn go n-údaraithear go sainráite sa togra don Choimisiún, do OLAF, do Chúirt Iniúcháirí na hEorpa agus, i gcás inarb ábhartha, do OIPE a gcearta rochtana, iniúcháireachta agus imscrúdaithe a fheidhmiú.

³⁴ Airteagal 19(9) agus Airteagal 18 den togra.

26 In Airteagal 15, liostaítear na critéir le haghaidh **measúnú ag an gCoimisiún** ar na Pleananna Aeráide Sóisialta náisiúnta, a bhfuil struchtúr acu atá cosúil leo sin atá in úsáid do na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (RRPanna). Fuaireamar go raibh an rian doiciméadachta ina bhlúirí tríd is tríd agus go raibh an anailís le fáil i ndoiciméid oibre éagsúla de chuid an Choimisiúin a bhaineann le comhchodanna difriúla de na RRPanna. Fuaireamar freisin gur chuir an Coimisiún measúnú cáilíochtúil i bhfeidhm le haghaidh gach RRP bunaithe ar chaighdeán rialachán RRP seachas measúnú comparáideach a bheith á dhéanamh³⁵. Tagraíonn an togra go sainráite (in Airteagal 4(3)) do dhea-chleachtais ar fud na mBallstát a shainithint.

27 Tá ar na Ballstáit dearbhú a thabhairt ina ráitis bhainistíochta go bhfuil na leithdháiltí airgeadais á mbainistiú i gcomhréir leis na rialacha infheidhme go léir, go háirithe rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint, calaois a chosc, éilliú agus cistiú dúbailte³⁶. Níl aon oibleagáid dhíreach ar an gCoimisiún, áfach, a fhóru an dtugann córais rialaithe na mBallstát an dearbhú is gá, agus cruthaíonn sé sin riosca don dearbhú mar aon le bearnaí cuntasachta, agus – faoi dheoidh – rioscaí i ndáil le leas airgeadais an Aontais a chosaint. Measaimid, dá bhrí sin, gur cheart don togra an fhreagracht atá ar an gCoimisiún i leith comhlíonadh rialacha náisiúnta agus Eorpacha a shoiléiriú agus a neartú.

28 Roimhe seo, thuairiscíomar cásanna de neamhchomhlíonadh rialacha Eorpacha agus náisiúnta, amhail i rialacha maidir leis an bpróiseas soláthair, maidir le státchabhair agus maidir le hincháilitheacht. Mar thoradh air sin, agus i bhfianaise an réimse clúdaigh atá ag an gcreat rialaithe don Chiste agus a theoranta atá an sainiú ar an bhfreagracht atá ar an gCoimisiún, d'fhéadfadh sé go mbeadh teorainn leis an méid faisnéise a bheidh fíoraithe ar leibhéal an Aontais faoi an bhfuil córais na mBallstát ag clúdach an riosca shuntasáigh de **neamhchomhlíonadh rialacha Eorpacha agus náisiúnta** go leormhath, agus cén chaoi a bhfuil an riosca sin á chlúdach acu.

³⁵ Tuarascáil speisialta 21/2022: Measúnú an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta – Iomchuí ar an iomlán, ach tá rioscaí fós ann don chur chun feidhme.

³⁶ Airteagal 20 agus Iarscríbhinn III den togra.

29 In Airteagal 20(5) den togra, tugtar le tuiscint go bhfuil an fhreagracht atá ar an gCoimisiún teoranta do chalaois, éilliú, coinbhleacht leasa agus sárú ar oibleagáidí a eascraíonn as an gcomhaontú maoinithe. Go sonrach, déileáiltear le **bearta frithchalaoise** ar bhealach níos mionsonraí sa togra ná mar a dhéantar i rialachán RRF, cé nach léir cén chaoi agus ag cén leibhéal (náisiúnta agus/nó Eorpach) ar cheart cásanna de chalaois amhrasta a thuairisciú.

30 Measaimid gur rud dearfach é go mbeidh ar na Ballstáit sonraí ar na faighteoirí deiridh, ar chonraitheoirí agus ar fhochonraitheoirí a bhailiú, a thaifeadadh agus a stóráil i gcóras leictreonach³⁷. Le faisnéis atá cothrom le dáta ar an méid tacaíochta airgeadais atá á fháil ag na faighteoirí deiridh, éascófar freisin an faireachán ar a mhéid atá cistí á n-ionsú. Ós rud é, áfach, nach gá faisnéis a thabhairt ach amháin i gcás fochonraitheoirí ar an gcéad leibhéal a fhaigheann níos mó ná €50 000, beidh roinnt fochonraitheoirí ann nach mbeidh tuairisciú déanta ina leith. Tugaimid ar aire freisin nach bhfuil aon teorainn ama ann le haghaidh foilsíú na faisnéise sin.

31 In Airteagal 20, cuirtear de cheangal ar na Ballstáit córas rialaithe inmheánaigh atá éifeachtach agus éifeachtúil a bhunú, a bheidh bunaithe ar na príomhcheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an togra. Measaimid gur cheart go mbeadh ar na Ballstáit freisin fíoruithe bainistíochta agus iniúchtaí a dhéanamh chun a chinntiú gur úsáideadh na cistí i gcomhréir leis an dlí ábhartha Eorpach agus náisiúnta. Tugtar tuairisc an-ghinearálta sa togra ar mheasúnú an Choimisiúin ar leormhaitheas chórais rialaithe na mBallstát, agus – murab ionann agus rialachán RRF – níl aon cheangal ar an gCoimisiún córas rátála a chur i bhfeidhm don mheasúnú sin³⁸.

32 Is díol sásaimh dúinn na forálacha maidir le **faireachán agus meastóireacht** don Chiste. Níl an iarscríbhinn leis na táscairí coiteanna ag gabháil leis an togra, áfach. Thugamar ar aire roimhe seo go bhfágann an creat faireacháin le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh, mar atá sé, nach féidir leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a mhéid a rannchuidíonn buiséad an Aontais le sprioc an Aontais i ndáil

³⁷ Airteagal 20 den togra.

³⁸ Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Iarscríbhinn II. Seo samplaí de chóras rátála: méid mór/meánach/beag; tionchar mór/meánach/beag; rannchuidíonn go héifeachtach/go páirteach/ní rannchuidíonn; socruithe leormhaithe/íosta/neamhleor.

le héifeachtúlacht fuinnimh³⁹. Ba cheart go mbeadh na táscairí sin ag freagairt do chuspóirí an Chiste agus go mbeidís oiriúnach lena n-úsáid chun feidhmíocht an Chiste a thomhas. A mhéid is féidir, ba cheart go mbeidís de réir na gcritéar ar a dtugtar ‘RACER’ (Ábhartha, Glactha, Inchreidte, Éasca agus Láidir)⁴⁰.

³⁹ Tuarascáil speisialta 11/2020: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh – Is mó fós a chaithfear díriú ar an gcostéifeachtacht; Tuarascáil speisialta 02/2022: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfiontair – Roinnt coigiltis ar fhuinneamh, ach laigí i bpleanáil agus roghnú tionscadal.

⁴⁰ Tuairim 06/2020 maidir leis an togra lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Pointí clabhsúir

33 D'éisigh an Coimisiún togra le haghaidh an Chiste Aeráide Sóisialta i mí Iúil 2021, agus rinne an Chomhairle é a athbhreithniú i Meitheamh 2022. Tá sé mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí sóisialta atá ag ardú i bpraghsanna fuinnimh mar gheall ar Chóras Trádála Astaíochta (CTA) nua de chuid an Aontais Eorpaigh a chruthú le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar. Is deis atá sa Chiste chun rannchuidiú tábhachtach a dhéanamh le baint amach na haeráidneodrachta san Aontas Eorpach faoi 2050.

34 Trí lamháltais CTA de chuid an Aontais ó earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar a chur ar ceant, cuirfear maoiniú de suas le €59 billiún ar fáil don Chiste le haghaidh thréimhse 2027-2032. D'fhéadfadh an luaineacht i bpraghsanna a dhéanann difear do lamháltais CTA an Aontais agus an neamhchinnteacht i dtaobh an ioncaim atá ar fáil rioscaí airgeadais a chruthú. Ós rud é nach bhfuil nósanna imeachta glactha fós ag an gCoimisiún ó thaobh bhainistiú na n-acmhainní dílse nua atá molta ná le haghaidh ríomh, bunú agus gnóthú an ioncaim, ní léir cén uair a bheidh na hioncaim ar fáil agus ní léir an mbeidh siad i gcomhréir le cuspóirí uailmhianacha an Chiste agus leis na riachtanais infheistíochta atá ag freagairt dó sin. Sa mhéid nach bhfuil measúnú tionchair sonracha ann don togra seo, is mó atá an tsaincheist sin ina hábhar imní.

35 Tá an togra ag tógáil ar na gnéithe bunúsacha atá sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), amhail pleananna náisiúnta, íocaíochtaí a bheith coinníollach ar gharspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh go sásúil, breisíocht agus comhlántacht le cistí Eorpacha agus náisiúnta eile, agus an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh. Faoi mar atá le RRF, áfach, is ag céim an mheasúnaithe de na pleananna náisiúnta, den chuid is mó, a dhéanfaidh an Coimisiún measúnú ar a dhóchúla atá sé go mbainfear cuspóirí glasa amach, agus is lú a dhéanfaidh sé amhlaidh nuair atá measúnú á dhéanamh ar iarrataí i gcomhair íocaíochta.

36 Sa chomhthéacs sin, ba mhaith linn béim a chur ar a thábhachtaí atá sé tarraingt ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme RRF in aon nósanna imeachta agus cinntí eile ar an gCiste Aeráide Sóisialta. Go sonracha, creidimid go bhfuil laigí áirithe, ar tharraingíomar aird roimhe seo orthu do RRF, ábhartha freisin don Chiste:

- o an riosca go mbeadh cistiú dúbailte ann agus go mbeadh cuspóirí ag forluí ar ionstraimí agus cistí poiblí eile;

- o gan aird leordhóthanach a bheith á tabhairt ar fheidhmíocht agus ar luach ar airgead mar gheall ar an gcastacht bhreise agus ar an ualach riaracháin;
- o go bhféadfadh nasc lag a bheith ann idir íocaíochtaí agus cuspóirí, garspriocanna agus spriocanna an Chiste;
- o bearnaí sa dearbhú agus sa chuntasacht a mhéid a bhaineann le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint;
- o gan measúnú éifeachtach ar fheidhmíocht a bheith á dhéanamh de dhroim táscairí, garspriocanna agus spriocanna.

Ghlac an Chúirt Iniúchóirí an Tuairim seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aici an 15 Nollaig 2022.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí



Tony Murphy
Uachtarán